Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 11 Nollaig 2023
(OR. en)

16761/23

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0389(NLE)**

**SCH-EVAL 258**
**FRONT 416**
**COMIX 585**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 11 Nollaig 2023 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 16155/23 |
| Ábhar: | Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach moladh chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh i meastóireacht 2022 ar an gcur i bhfeidhm a rinne **an Phortaingéil** ar *acquis* Schengen i réimse **bhainistiú na dteorainneacha seachtracha** |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an cinneadh cur chun feidhme ón gComhairle lena leagtar amach moladh lena dtugtar aghaidh ar na heasnaimh a sainaithníodh i meastóireacht 2022 ar an gcur i bhfeidhm a rinne an Phortaingéil ar *acquis* Schengen i réimse bhainistiú na dteorainneacha seachtracha, arna ghlacadh ag an gComhairle ag an gcruinniú a bhí aici an 10-11 Nollaig 2023.

I gcomhréir le hAirteagal 15(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2013, cuirfear an moladh seo ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

Cinneadh cur chun feidhme ón gComhairle lena leagtar amach

**MOLADH**

**le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh i meastóireacht 2022 ar an gcur i bhfeidhm a rinne an Phortaingéil ar *acquis* Schengen i réimse bhainistiú na dteorainneacha seachtracha**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2013 lena mbunaítear sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú agus lena n-aisghairtear an Cinneadh ón gCoiste Feidhmiúcháin an 16 Meán Fómhair 1998 lena mbunaítear Buanchoiste um measúnú agus cur chun feidhme Schengen[1], agus go háirithe Airteagal 15(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinneadh meastóireacht Schengen i réimse bhainistiú na dteorainneacha seachtracha i leith na Portaingéile i mí na Samhna 2022. Tar éis na meastóireachta, le Cinneadh Cur Chun Feidhme [C(2023) 4300] ón gCoimisiún, glacadh tuarascáil ina bhfuil na torthaí agus na measúnuithe agus ina liostaítear na dea-chleachtais agus na heasnaimh a sainaithníodh le linn na meastóireachta.

[1] IO L 295, 6.11.2013, lch. 27.

(2) Ba cheart moltaí a dhéanamh maidir le gníomhaíochtaí ceartaitheacha a bheidh le déanamh ag an bPortaingéil chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh a sainaithníodh mar chuid den mheastóireacht. I bhfianaise a thábhachtaí atá sé *acquis* Schengen a chomhlíonadh, go háirithe cosaint na dteorainneacha seachtracha agus seiceálacha a dhéanamh ar dhaoine ar theacht isteach dóibh, ba cheart tús áite a thabhairt do chur chun feidhme na moltaí a bhaineann le rialachas náisiúnta an bhainistithe chomhtháite teorainneacha san Eoraip (1), comhar idirghníomhaireachta (4), anailís riosca (8), léiriú ar an staid náisiúnta (13), acmhainní daonna (15), sainoiliúint agus oiliúint athnuachana (16 agus 17), agus calaois doiciméad a bhrath (18 agus 19).

(3) Ba cheart an Cinneadh seo a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig parlaimintí náisiúnta na mBallstát.

(4) Tá feidhm ag Rialachán (AE) 2022/922 ón gComhairle[1] ón 1 Deireadh Fómhair 2022. I gcomhréir le hAirteagal 31(3) den Rialachán sin, na gníomhaíochtaí leantacha agus faireacháin a bhaineann leis na tuarascálacha meastóireachta agus na moltaí, ba cheart na gníomhaíochtaí sin a dhéanamh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2022/922, ag tosú le tíolacadh na bpleananna gníomhaíochta.

(5) Laistigh de 2 mhí tar éis ghlacadh an Chinnidh seo, de bhun Airteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2022/922 ón gComhairle, ba cheart don Phortaingéil plean gníomhaíochta a bhunú chun na moltaí uile a chur chun feidhme agus chun na heasnaimh a sainaithníodh sa tuarascáil mheastóireachta a leigheas. Ba cheart don Phortaingéil an plean gníomhaíochta sin a sholáthar don Choimisiún agus don Chomhairle.

---

1 Rialachán (AE) Uimh. 2022/922 ón gComhairle an 9 Meitheamh 2022 maidir le bunú agus oibriú sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú, agus lena n- aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013, IO L 160, 15.6.2022, lch. 1.

AG MOLADH:

gur cheart don Phortaingéil an méid seo a leanas a dhéanamh

1. **Bainistiú Comhtháite Teorainneacha san Eoraip**: comhordú straitéiseach maidir le rialú teorann (seiceálacha teorann agus faireachas teorann) a bhunú mar ábhar práinne agus líon leordhóthanach ball foirne oilte a leithdháileadh chun rialachas éifeachtach an Bhainistithe Chomhtháite Teorainneacha san Eoraip a áirithiú mar aon le forbhreathnú agus comhordú comhleanúnach náisiúnta ar fheidhmeanna cothrománacha rialaithe teorann, lena n-áirítear sásra um rialú cáilíochta, measúnú leochaileachta, cur i bhfeidhm aonfhoirmeach nósanna imeachta, oiliúint, anailís riosca agus bainistiú faisnéise;

2. **An sásra náisiúnta um rialú cáilíochta agus measúnú leochaileachta:** cur chun feidhme éifeachtach an tsásra náisiúnta um rialú cáilíochta a áirithiú, ar sásra é lena gcumhdaítear na húdaráis náisiúnta ar fad a bhfuil baint acu le bainistiú teorainneacha; a áirithiú go ndéanfar meastóireacht chórasach ar na nósanna imeachta rialaithe teorann faoin sásra náisiúnta um rialú cáilíochta tar éis scor agus aistriú inniúlachtaí na Seirbhíse Inimirce agus Teorainneacha;

3. **An sásra náisiúnta um rialú cáilíochta agus measúnú leochaileachta:** an acmhainneacht náisiúnta is gá a bhunú chun na sonraí iarrtha uile a sholáthar, ar sonraí iad a bhaineann le measúnú leochaileachta, go háirithe sonraí a bhaineann le faireachas ar theorainneacha aeir agus pleanáil acmhainneachtaí rialaithe teorann;

4. **Comhar idirghníomhaireachta:** comhar idirghníomhaireachta éifeachtach a áirithiú idir na húdaráis náisiúnta ar fad a bhfuil baint acu le bainistiú teorainneacha, go háirithe trí fhorálacha an Phrótacail maidir le Comhar le haghaidh Eurosur agus an Phrótacail maidir le comhar idir an tSeirbhís Inimirce agus Teorainneacha agus an tÚdarás Cánach agus Custaim a chur chun feidhme agus trí shocruithe sonracha agus pleananna gníomhaíochta bliantúla a thabhairt i gcrích ina mbeidh gníomhaíochtaí soiléire, comhlachtaí freagracha, sprioc-amanna, sásra faireacháin, meastóireacht agus gníomhaíochtaí ceartaitheacha chun Airteagal 12(1) a chomhlíonadh, i gcomhar le hAirteagal 3(1)(e) agus Airteagal 7(1) de Rialachán (AE) 2019/1896 maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach[1];

5. **Anailís riosca:** nós imeachta caighdeánaithe a bhunú agus a chur chun feidhme ar mhaithe le táirgí anailíse riosca a bhaineann le seiceálacha teorann ag na teorainneacha aeir agus farraige a ullmhú, go háirithe próifílí riosca agus táscairí a bhaineann le daoine aonair agus modhanna iompair a thrasnaíonn an teorainn sheachtrach, táirgí atá le cur chun feidhme ag na páirtithe leasmhara ábhartha uile;

6. **Anailís riosca:** modheolaíocht náisiúnta le haghaidh anailís riosca a fhorbairt agus a chur chun feidhme i gcomhréir leis an tSamhail Chomhchoiteann Chomhtháite Anailíse Riosca, lena gcumhdófar seiceálacha teorann agus faireachas ar theorainneacha agus lena gcuimseofar na húdaráis náisiúnta ar fad a bhfuil baint acu le rialú teorann, chun cur chuige comhchoiteann i leith anailís riosca a áirithiú ar gach leibhéal dá struchtúir eagraíochtúla;

7. **Anailís riosca:** táirge náisiúnta straitéiseach um anailís riosca a fhorbairt lena gcumhdófar seiceálacha teorann agus faireachas teorann;

[1] Rialachán (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Samhain 2019 maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach agus lena n- aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1052/2013 agus (AE) 2016/1624, *IO L 295, 14.11.2019, lgh. 1-131.*

8. **Anailís riosca:** inbhuanaitheacht agus aonfhoirmeacht chur i bhfeidhm praiticiúil na hanailíse riosca a áirithiú tríd an méid seo a leanas a dhéanamh: clár oiliúna náisiúnta maidir le hanailís riosca a fhorbairt agus a chur chun feidhme bunaithe ar Shamhail Chomhchoiteann Chomhtháite Anailíse Riosca a bheidh inrochtana d'anailísithe ar gach leibhéal; líon na mball foirne a bhíonn ag plé le tascanna anailíse riosca a mhéadú ar gach leibhéal de struchtúir eagraíochtúla na n-údarás rialaithe teorann ábhartha; nós imeachta caighdeánaithe a bhunú chun táirgí anailíse riosca a chomhroinnt idir gach leibhéal de struchtúir eagraíochtúla na bpáirtithe leasmhara ábhartha uile mar a cheanglaítear le hAirteagail 15 agus 16 de Chód Teorainneacha Schengen[1];

9. **Anailís riosca:** an tSamhail Chomhchoiteann Chomhtháite Anailíse Riosca a chur chun feidhme i nGarda Náisiúnta na Poblachta chun anailís riosca a dhéanamh ar fhaireachas ar theorainneacha mar a leagtar amach in Airteagal 29(1) de Rialachán (AE) 2019/1896 maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach;

10. **Eurosur:** a áirithiú go ndéanfar gach teagmhas a bhraitear le linn na nósanna imeachta seiceála teorann a thuairisciú don Lárionad Náisiúnta Comhordúcháin gar d'fhíor-am;

11. **Eurosur:** sraith oibríochtúil Eurosur a bhunú trí fhaisnéis ábhartha ó na húdaráis náisiúnta ar fad a bhfuil baint acu le faireachas muirí (na Póilíní Muirí, an Cabhlach agus an tAerfhórsa) a chur san áireamh;

12. **Eurosur:** sraith anailíseach Eurosur a bhunú agus a chothú i gcomhréir le hAirteagal 24(1)(c) de Rialachán (AE) 2019/1896 maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach;

13. **Léiriú ar an Staid Náisiúnta**: léiriú cuimsitheach iomlán ar an staid náisiúnta a bhunú trí fhaisnéis ábhartha ó na húdaráis ábhartha uile a bhfuil baint acu le rialú teorann (an tSeirbhís Inimirce agus Teorainneacha, na Póilíní Muirí, an Cabhlach, an tAerfhórsa) a chur san áireamh i gcomhréir le hAirteagal 25(2)(e) de Rialachán (AE) 2019/1896 maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach;

---

**1** Rialachán (AE) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le Cód an Aontais maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha (Cód Teorainneacha Schengen) (códú) *IO L 77, 23.3.2016, lch. 1.*

14. **Plean Náisiúnta Forbartha Cumais:** plean náisiúnta forbartha cumais a bhunú trí na sonraí ábhartha uile ó na húdaráis náisiúnta ar fad a bhfuil baint acu le bainistiú teorainneacha a chomhtháthú;

15. **Acmhainní daonna:** líon leordhóthanach ball foirne a áirithiú bunaithe ar phlean straitéiseach náisiúnta le haghaidh acmhainní daonna, chun ardleibhéal aonfhoirmeach éifeachtúil seiceálacha teorann a chur chun feidhme ag teorainneacha seachtracha;

16. **Sainoiliúint agus oiliúint athnuachana:** córas oiliúna athnuachana a bhunú le haghaidh nósanna imeachta seiceála teorann ar córas rialta córasach é ina gcumhdófar saineolas ar dhoiciméid, sin agus a áirithiú go mbeidh an acmhainneacht ann ar an leibhéal náisiúnta an oiliúint sin a chur ar fáil go rialta do ghardaí teorann; a áirithiú go ndéanfar an t-eolas a fhaightear i gcúrsaí sainoiliúna a eagraíonn Frontex a scaipeadh go cuí i measc na mball foirne ábhartha;

17. **Sainoiliúint agus oiliúint athnuachana:** na cláir oiliúna le haghaidh na bPóilíní Slándála Poiblí agus le haghaidh Gharda Náisiúnta na Poblachta a fhorbairt a thuilleadh i gcomhréir le Croíchuraclam Comhchoiteann Frontex, chun leibhéal leordhóthanach eolais agus saineolais a sholáthar ar mhaithe le seiceálacha teorann éifeachtacha agus faireachas teorann éifeachtach a dhéanamh i gcomhréir le Cód Teorainneacha Schengen; ba cheart oiliúint a chur ar fáil go rialta agus é a bheith bunaithe ar phleanáil bhliantúil; ba cheart a áireamh inti cúrsaí oiliúna maidir le seiceálacha teorann ar an gcéad agus ar an dara líne, anailís riosca, calaois doiciméad a bhrath, trealamh a úsáid agus ábhair ábhartha eile;

18. **Calaois doiciméad a bhrath:** líon leordhóthanach saineolaithe oilte doiciméad a áirithiú ag gach pointe trasnaithe teorann;

19. **Calaois doiciméad a bhrath:** a áirithiú go mbeidh an trealamh uile is gá chun calaois doiciméad a bhrath ar fáil i seiceálacha teorann ar an gcéad agus ar an dara líne agus go n-úsáidfear go córasach é ag gach pointe trasnaithe teorann chun a áirithiú go mbeifear in ann calaois doiciméad a shainaithint;

20. **Trealamh le haghaidh faireachas ar theorainneacha:** plean a bhunú agus a chur chun feidhme le haghaidh acmhainní móibíleacha a úsáidtear san fhaireachas teorann a fháil, a chothabháil, agus a nuachóiriú, sin agus le haghaidh an trealamh a nuachóiriú de réir an phlean freisin trí úsáid éifeachtúil a bhaint as ionstraimí cistiúcháin an Aontais;

21. **Pleanáil theagmhasach:** athbhreithniú a dhéanamh ar an bPlean Teagmhasach Náisiúnta d'fhonn na comhchodanna uile is gá a chur san áireamh chun aghaidh a thabhairt go cuimsitheach ar staideanna éigeandála a d'fhéadfadh a bheith ann ag teorainneacha seachtracha;

22. **Cáilíocht agus nós imeachta na seiceála teorann:** feabhas a chur ar cháilíocht na seiceálacha teorann ar an gcéad líne ar náisiúnaigh tríú tír agus ardleibhéal aonfhoirmeach seiceálacha teorann a áirithiú;

23. **Cáilíocht agus nós imeachta na seiceála teorann:** seiceálacha críochnúla a dhéanamh ar na náisiúnaigh tríú tír sin a úsáideann na geataí rialaithe uathoibrithe teorann, i gcomhréir le hAirteagal 8(3) de Chód Teorainneacha Schengen;

24. **Cáilíocht agus nós imeachta na seiceála teorann:** na bogearraí Passe a nuashonrú chun an fíorú cuí ar bharántúlacht na ndoiciméad taistil a áirithiú i gcomhréir le míreanna (2) agus (3) d'Airteagal 8 de Chód Teorainneacha Schengen;

25. **Seiceálacha ainmniúla ar chriú agus ar phaisinéirí ag teorainneacha farraige:** réiteach uathoibrithe a fhorbairt ar mhaithe le seiceáil a dhéanamh ar liosta an chriú agus liosta na bpaisinéirí chun seiceálacha teorainneacha farraige a dhéanamh ar bhealach éifeachtúil;

26. **Próiseáil víosaí ag an teorainn:** a áirithiú go mbeidh eisiúint víosa chuig baill teaghlaigh le saoránaigh AE saor in aisce ag an teorainn, i gcomhréir le hAirteagal 5(2) de Threoir 2004/38/CE[1];

27. **Dliteanas na n-iompróirí**: córas uathoibríoch spriocdhírithe um réamhaisnéis faoi phaisinéirí a chur ar bun chun próiseáil láimhe a sheachaint agus chun feabhas a chur ar cháilíocht na seiceálacha teorann;

---

[1] Treoir 2004/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le cearta shaoránaigh an Aontais agus ceart bhaill dá dteaghlaigh gluaiseacht agus cónaí faoi shaoirse ar chríoch na mBallstát lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 agus lena n- aisghairtear Treoracha 64/221/CEE, 68/360/CEE, 72/194/CEE, 73/148/CEE, 75/34/CEE, 75/35/CEE, 90/364/CEE, 90/365/CEE agus 93/96/CEE, *IO L 158, 30.4.2004, lch. 77*.

28. **Dliteanas na n-iompróirí:** a áirithiú go ndéanfar na bearta uile is gá chun oibleagáid a chur ar aeriompróirí réamhaisnéis faoi phaisinéirí a tharchur chun seiceálacha a dhéanamh ar dhaoine ag na teorainneacha seachtracha, sin agus smachtbhannaí a chur i bhfeidhm i gcás na gcuideachtaí sin nach gcomhlíonann a n-oibleagáid dhlíthiúil mar a cheanglaítear le Treoir 2004/82/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 2004[1], mar shampla trí threoirlínte cur chun feidhme d'iompróirí a bhunú agus córas níos láidre fíneálacha a chur ar bun, fíneálacha a bheidh le forchur sa chás nach ndéantar réamhaisnéis faoi phaisinéirí a tharchur ar bhonn leanúnach;

29. **Faireachas ar theorainneacha farraige:** feabhas a chur ar an gcomhar idir aonaid chomharsanachta áitiúla agus réigiúnacha agus ar an bhfeasacht ar an staid trí fhaisnéis a chomhroinnt ar bhealach níos éifeachtúla maidir le suíomh na n-acmhainní agus sonraí ábhartha eile maidir le feasacht ar an staid; leibhéal rochtana na n-aonad áitiúil agus réigiúnach sa Chóras Comhtháite Faireachais, Ceannais agus Rialaithe (SIVICC) a uasghrádú;

30. **Aerfort Liospóin:** líon leordhóthanach gardaí teorann ag Aerfort Liospóin a áirithiú chun seiceálacha teorann a dhéanamh agus a áirithiú go nglacfaidh siad páirt in oiliúint leanúnach;

31. **Aerfort Liospóin:** feabhas a chur ar na nósanna imeachta um sheiceáil dara líne ag Aerfort Liospóin chun an t-am feithimh le haghaidh na bpaisinéirí atá faoi réir seiceálacha dara líne a ghiorrú;

32. **Aerfort Liospóin:** an trealamh agus an pearsanra is gá a chur ar fáil le haghaidh seiceálacha dara líne i gcríochfort 2 ag Aerfort Liospóin;

33. **Aerfort Liospóin:** an fíorú bithmhéadrach éigeantach trí bhíthin an Chórais Faisnéise Víosaí ag Aerfort Liospóin a áirithiú, i gcomhréir le hAirteagal 8(3)(b) de Chód Teorainneacha Schengen;

---

**1** Treoir 2004/82/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir leis an oibleagáid ar iompróirí sonraí paisinéirí a chur in iúl, *IO L 261, 6.8.2004, lch. 24*.

34. **Calafort Liospóin:** feabhas a chur ar an mbonneagar agus ar an trealamh le haghaidh seiceálacha teorann ar an gcéad agus ar an dara líne ag Calafort Liospóin, sin agus líon leordhóthanach bothanna a sholáthar ionas gur féidir seiceálacha teorann éifeachtúla a dhéanamh.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*